



# MRB1: Punann Chumadóireachta

## Ullmhúchán

...Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, Ich.8-9

Beidh na torthaí foghlama ar a ndéanfar measúnú ag brath, a bheag nó a mhór, ar an stíl ceoil a roghnófar agus ar an meán ina gcuirfear an obair i láthair. Seo cúpla ceann a d'fhéadfadh a bheith anábhartha:

| Eolas Gnásúil   | Nuáil agus Samhlaigh  | Cultúr agus Comhthéacs   |
|---|---|--|
| <p><b>1.1</b> míreanna gairide ceoil a chumadh agus a thaibhiú nó a athsheinm agus tacú leis na míreanna sin trí ostinati rithimeacha/séise/armónach a a chruthú lena dtionlacan</p> <p><b>1.2</b> píosa gairid a chruthú agus a chur i láthair, ag baint úsáid as uirlisí agus/nó fuaimeanna eile mar fhreagairt ar spreagthach</p> <p><b>1.3</b> tionlacan armónach nó rithimeach a dhearadh, an tionlacan sin a thaifeadadh agus tobchumadh a dhéanamh ar an taifeadadh sin</p> <p><b>1.4</b> cordaí a léiriú atá oiriúnach chun tacaíocht armónach a chur ar fáil do líne aonair shéise</p> <p><b>1.12</b> a léiriú nuair a athraíonn corda i sleachta ó rogha amhrán</p> | <p><b>2.1</b> triail a bhaint as cineálacha éagsúla fuaimeanna a dhéanamh ar fhoínse fuaime agus tobchumadh a bhunú air agus píosa gairid a bhreacadh a chorpraíonn na fuaimeanna trí léiriúcháin shiombalacha a chumadh do na fuaimeanna sin</p> <p><b>2.2</b> ráiteas ceoil (amhail rapáil nó gligín fógraíochta) a chruthú faoi cheist thráthúil nó imeacht reatha agus cuspóir agus forbairt an ráitis a chomhroinnt le daoine eile</p> <p><b>2.3</b> sleachta nó móitífeanna/téamaí ó pháosa ceoil a cumadh cheana a oiriúnú trína mhothú, stíl, nó armóin bhunaidh a athrú</p> <p><b>2.7</b> roinnt smaointe ceoil a chruthú agus a chur i láthair ag baint úsáid as uirlisí agus/nó fuaimeanna ar thángthas orthu chun mothú nó mothúcháin atá curtha in iúl i ndán, scéal nó alt nuachtáin a léiriú</p> | <p><b>3.4</b> gligín úrnua nó píosa gairid ceoil a chumadh agus a thaibhiú lena úsáid i bhfógra nua do tháirge, agus an saothar cumadóireachta a thaifeadadh</p> <p><b>3.5</b> samplaí de cheol teagmhasach a chumadh agus a thaibhiú a d'fhéadfaí a úsáid i gcomhthéacsanna nó timpeallachtaí éagsúla</p> <p><b>3.9</b> scrúdú a dhéanamh ar thionchar na n-éifeachtaí próiseála (m.sh. saobhadh, aisfhuaimniú, comhbhrú) ar an bpróiseas taifeadta; roinnt taifeadtaí a roghnú agus measúnú a dhéanamh ar úsáid agus ar éifeachtúlacht éifeachtaí den sórt sin atá iontu</p> |

Ag pointe iomchuí san fhoghlaim, ba chóir go mbeadh cur amach ag an scoláire ar na Gnéithe Cailíochta a úsáidfear le cailíocht a chuid oibre a mheas.